

# Guth na hÉigse

Ag cur beocht agus  
sraoi i litríocht na  
Gaeilge i gcomhar le  
agus ar son scoileanna.

**SPRIOC: Dé Luain**  
**17 Deireadh Fómhair**  
**2022**

Foirm Iontrála

Tuilleadh eolais : [www.poetryireland.ie](http://www.poetryireland.ie) & [www.imram.ie](http://www.imram.ie)

## CAD É GUTH NA hÉIGSE?

Is comórtas píolótach Comórtas Léiriú Filíochta d'Iar-Bhunscoileanna é Guth na hÉigse, bunaithe ar Poetry Aloud. Eagraíonn Poetry Ireland agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é i gcomhpháirtíocht le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Fáiltíonn an comórtas roimh iontrálacha ó dhaltaí in iarbhunscoileanna ar oileán na hÉireann. Aithrítear dánta ó chuimhne ag gach céim den chomórtas.

Baileoidh Guth na hÉigse le chéile mic léinn iar-bhunscoile trasna na tíre, ag tabhairt deis dóibh bualadh le grúpa níos leithne ar chomhaois leo lasmuigh dá gceantar féin. Leis an mothú go bhfuil rud éigin curtha i gcrích acu ó bheith ag tógáil páirt sa chlár tomthach seo, cuideofar le féin mhuintín agus sláinte meabhrach na mac léinn. Feabhsófar a gcuid scileanna cruthaitheacha agus léirithe agus tabharfar spreagadh dóibh an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha i ngach cuid den gnáth saol.

Déanann an clár seo iarracht, freisin, an droch-dhearcadh a bhíonn ag daoine uaireanta ar theanga na Gaeilge mar chuid den churaclam scoile a leasú. Mar chlár luath-idirghabhála, sé an aidhm ná teanga na Gaeilge a chur chun cinn mar theanga a neartaítear trína húsáid beo. Tabharfaidh an clár seo tacaíocht don churaclam agus d'obair na múinteoirí. An bhéim lárnach sa chlár seo ná taitneamh a bhaint as úsáid na Gaeilge

## Poetry Ireland | Éigse Éireann: CÉ SINNE?

Cothaíonn Éigse Éireann dáimh idir daoine agus an fhilíocht. An sprioc atá againn ná barr feabhais a bhaint amach maidir le filíocht a léamh, a scríobh agus a léiriú ar fud oileán na hÉireann.

Faigheann Éigse Éireann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus tá an-chaidreamh againn le hionaid ealaíne, féilte, scoileanna, coláistí agus siopaí leabhar ag baile agus i gcéin. [www.poetryireland.ie](http://www.poetryireland.ie)

## IMRAM: CÉ SINNE?

Bíonn IMRAM sg dréim le litríocht na Gaeilge a chur i gcroílár an tsaoil phoiblí in Éirinn, trí fhéile bhliantúil nuálach a eagrú, a ndéanfar ardán idirnáisiúnta di, a thacaíonn le scríbhneoirí, a spreagann díospóireacht agus a mheallann cainteoirí Gaeilge agus foghlaimeoirí na Gaeilge in Éirinn agus ar fud an diaspóra.

[www.imram.ie](http://www.imram.ie)

## CRANNÓGA ÉAGSÚLA

Tá Guth na hÉigse oscailte do gach aon chineál scoile iarbhunoideachais in Éirinn, thuaidh agus theas, ar a bhfuil:

- (a) **Scoileanna Béarla**
- (b) **Gaelcholáistí**
- (c) **Scoileanna Gaeltachta**

### **SÓISEAR:**


An 1ú agus an 2ú bliain i scoileanna na Poblachta, agus blianta 8,9 agus 10 ó Thuaisceart Éireann.

### **IDIRMHEÁNACH**

An 3ú agus an 4ú bliain i scoileanna na Poblachta agus blianta 11 agus 12 ó Thuaisceart Éireann.

### **SINSIR**

An 5ú agus an 6ú bliain ó Phoblacht na hÉireann, agus Bliain 6 Íochtar agus Uachtar ó Thuaisceart Éireann.



## Babhta réigiúnacha

Reáchtáilfear na babhtaí réigiúnacha i mí Dheireadh Fómhair. Socrófar dátaí agus ionaid de réir éilimh. Tabharfar eolas do na scoileanna ar theileafón nó ar ríomhphost. DHÁ dhán a bheidh le rá ag gach iomaitheoir. Tá liosta na ndánta seo ar fáil ag bun na Bileoige Eolais. Caithfear na dánta a bheith ar eolas de ghlanmheabhair- níl cead iad a léamh. Le tuilleadh eolais a fháil nó má tá ceist ar bith ann, gabh i dteagmháil le **Fiona Ní Ghloínn**, comhordnaitheoir thionscadal Ghuth na hÉigse ag [eigse@poetryireland.ie](mailto:eigse@poetryireland.ie) nó ar **086 3913343**.

Cuirfear ionad ar fáil do gach iomaitheoir nuair a bheidh na hiontrálacha go léir istigh, timpeall ar dheireadh Mheán Fómhair nó ar thosach Dheireadh Fómhair.

## Babhta Leathcheannais

Reáchtáilfear na babhtaí leathcheannais craoibhe i mí na Samhna. Socrófar Dátaí agus ionaid na mbabhtaí seo de réir líon na n-iomaitheoirí. Cuirfear an t-eolas ar fáil do na scoileanna ar theileafón nó ar ríomhphost. DHÁ dhán a léifidh gach iomaitheoir. Tá na dánta seo ar fáil ar an suíomh [poetryireland.ie](http://poetryireland.ie). Níl cead ag aon iomaitheoir an dán céanna a aithris sa bhabhta craoibhe is a aithrisíodh sa bhabhta leathcheannais de réir rialacha an chomórtais. Caithfear na dánta a bheith ar eolas de ghlanmheabhair- níl cead iad a léamh.

## An Babhta Craoibhe

Reáchtáilfear an babhta craoibhe ar an **17ú Samhain** in **Smock Alley Theatre, Baile Átha Cliath**. DHÁ dhán ceadaithe a léifidh gach iomaitheoir faoi seach. Caithfidh na mic léinn dhá cheann de na dánta dualgais a foghlaimíodh sa chéad dá bhabhta a roghnú don bhabhta cheannais. Caithfear na dánta a bheith ar eolas de ghlanmheabhair- **níl cead iad a léamh**.

## Buaiteoir agus Duaiseanna

Bronnfar duais ar gach buaiteoir i ngach aon cheann de na trí rannóg. I ngach rannóg bronnfar €300 ar an mbuaiteoir iad féin agus dearbháin leabhar €300 chomh maith ar son leabharlainne na scoile. Roghnófar buaiteoir foriomlán as na trí rannóg le chéile agus bronnfar €200 eile ar an dalta sin.

## DÁNTA CEADAITHE ANSEO

### Dánta don chéad bhabhta/Poems for the first round:

#### SÓISEARACH:

1. An tOchtapas le Gabriel Rosenstock
2. Rithim le Áine Ní Ghlinn

#### IDIRMHEÁNACH:

1. An tAmhránaí le Gabriel Fitzmaurice
2. Isteach Le Liam Ó Muirithle

#### SINSEARACH:

1. Stadeolaíocht le Marcus Mac Conghail
2. An Chéad Bhróg le Máire Mhac an tSaoi

**SÓISEARACH:** 1ú agus 2ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / Blianta 8, 9 agus 10 ó Thuaisceart Éireann

**IDIRMHEÁNACH:** 3ú agus 4ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / Blianta 11 agus 12 ó Thuaisceart Éireann

**SINSEARACH:** 5ú agus 6ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / 6ú foirm Uachtarach agus Íochtarach ó Thuaisceart Éireann

### Dánta don bhabhta leathcheannais/Poems for the semi-final

#### SOISEARACH:

1. Dathanna le Patricia Forde
2. An Ghealach le Caitriona Ní Chléirchín

#### IDIRMHEANACH:

1. Na Scamail le Siobhán Ní Mhuimhneacháin
2. Rue Barb le Dairena Ní Chinnéide

#### SINSEARACH:

1. Oíche Nollaig na mBan le Seán Ó Riordan
2. In Memory of Seamus Heaney le Nuala Ní Dhomhnaill

\*\*Faigh na dánta ina iomláine thíos ag bun na bileoige seo

**Is gá na dánta a fhoghlaim de ghlanmheabhair.**

## RIALACHA AN CHOMÓRTAIS


- Beidh trí leibhéal comórtais ann mar atá imeachtaí réigiúnacha, babhta leathcheannais agus craobh cheannais a eagrófar in áiteanna éagsúla ar fud na tíre i mí Dheireadh Fómhair agus go fíorúil (socrófar na dátaí agus na hionaid de réir éilimh, agus déanfar iad sin a dhearbhu leis na scoileanna agus le lucht páirte ar an teileafón nó ar ríomhphost.)
- Déanfar ionad na nImeachtaí réigiúnacha a shocrú de réir líon na n-iontrálaithe i ngach cás. Tá cead ag IMRAM agus ag Éigse Éireann babhtaí éagsúla a chur ar ceal mura bhfuil éileamh leordhóthanach ann d'fhonn comórtas bailí a reáchtáil. **Is féidir iontrálacha a sheoladh isteach i bhfoirm físeáin chomh maith- tuilleadh eolais thíos faoi sin.**
- Triúr moltóirí a cheapfaidh Éigse Éireann agus IMRAM i gcomhpháirt le páirtneírí ionadaíocha is ea a bheidh i mbun gach babhta réigiúnda, na comórtais leathcheannais agus an comórtas ceannais faoi seach.
- Tionólfar an comórtas ceannais ar an **17 Samhain in Smock Alley Theatre, 6-7 Sráid an Mhalartáin, Barra an Teampaill Íocht., BÁC D08**
- Níl aon táille iontrála.
- Tá cead ag gach dalta atá ag freastal ar iarbhunscoil de shaghas ar bith in Éirinn cur isteach air.
- Déanfaidh gach iomatheoir i ngach rannóg DHÁ dhán a aithris.
- Tá liosta de na dánta ceadaithe leis [seo](#).
- Dánta ceadaithe amháin a mbeidh glacadh leo ag gach céim den chomórtas, agus is iad amháin a bheidh bailí. Cuirfear liosta dánta faoi leith ar fáil do na babhtaí réigiúnda agus liosta do na babhtaí leathcheannais agus is féidir le daltaí 2 DHÁ dhán a roghnú ó na ceithre dhán sin don chomórtas ceannais.
- Níl cead ábhar tacaíochta de shaghas ar bith a úsáid.
- Ní foláir gach dán a aithris de mheabhair ghlan.
- Ní foláir don dalta ainm agus údar gach dáin a lua roimh aithris dó.
- Ní foláir do gach dalta tuismitheoir nó caomhnóir nó múinteoir a bheith ina theannta i gcás gach babhta comórtais.
- Níl dul thar bhreith na moltóirí agus ní ghlacfar le comhfhreagras ar bith ina leith.
- Ní bheidh ach an painéal breithiúnach ag breathnú ar fhíseáin a chuirtear isteach agus ní choinneofar iad nuair a bheidh an próiseas breithnithe sa chéad bhabhta críochnaithe.
- Is féidir le múinteoirí daltaí a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh ar a scoil ó aon cheann de na trí chatagóir (Sóisearach, Meánrang agus Sinsearach) agus is féidir leo fis-taifeadh gutháin de na scoláirí ag labhairt an dán dualgais a chur isteach.
- Níl aon teorainn le líon na ndaltaí a d'fhéadfaí a chur isteach ar an gcomórtas ó gach scoil
- Tá treoirínte maidir le hiontrálacha Guth na hÉigse 2022 a thaifead i bhfoirm físeáin ar fáil ar an chéad leathanach eile.
- Ní mór foirmeacha toilithe tuismitheora sinithe a sheoladh leis na hiontrálacha. Faigh an fhoirm toilithe i anseo i [mBéarla](#) nó i [nGaeilge](#) agus tá siad ar fáil ar an suíomh [poetryireland.ie](http://poetryireland.ie) anseo.

Ar son tuilleadh eolais cuir fios ar

Chomhordnaitheoir Thionscnamh Ghuth na hÉigse Fiona Ní Ghloinn

ag [eigse@poetryireland.ie](mailto:eigse@poetryireland.ie) nó ar 086 3913343

1. Cuirfear isteach ar an gcomórtas tríd an FHOIRM IONTRÁLA AR LÍNE ar féidir leat é a rochtain ANSEO. Tá glacadh chomh maith le foirmeacha iontrála tríd an bpost. Líontar isteach an FHOIRM IONTRÁLA PDF agus cuirtear sa phost é go **Guth na hÉigse Éigse Éireann/ Poetry Ireland, Bloc G, An Leabharlann, Campas Naomh Pádraig, DCU, Bóthar Dhroim Conrach Uacht., Baile Átha Cliath 9, DO9 AW21**
2. DÁTA DEIRIDH le clárú: **DÉ hAOINE 17 DEIREADH FÓMHAIR 2022.**
3. **DATA DEIRIDH le hiontrálacha a sheoladh isteach go fíorúil 22 Deireadh Fómhair chuig an seoladh ríomhphost seo [eigse@poetryireland.ie](mailto:eigse@poetryireland.ie)**
4. Is tríd an ríomhphost amháin a dhéanfar gach comhfhreagras a bhaineann leis an gcomórtas. Ba cheart seoladh ríomhphoist reatha a sholáthar.
5. Ní bhainfear leas as aon seoladh ríomhphoist nó sonraí teagmhála a chuirtear ar fáil ach amháin i dtaca leis an gcomórtas seo.



#### **Treoirínte maidir le hiontrálacha Guth na hÉigse 2022 a thaifead i bhfoirm físeáin**

1. Déan an taifead le treoshuíomh portráid/Film with a portrait orientation.
2. Cuir aghaidh ar an gceamara ó fhad 2 mhéadar ar a laghad/ Face the camera from a 2metre distance minimum.
3. Ní mór do dhaltá ainm an dáin agus an fhile a lua roimh an dán a rá / Students must cite the name of the poem and the poet before speaking the poem.
4. Caithfear na dánta a rá de ghlánmheabhair-ó chuimhne/ All poems must be spoken from memory.
5. Níl cead na dánta a léamh./No reading of poems allowed
6. Ba chóir gach dán a scannánú in aon seat amháin ó uillinn statach amháin/ Each poem should be filmed in one single shot from one static angle.
7. Caithfidh an fhuaim agus an pictiúr a bheith soiléir/ The sound and picture must be clear.
8. Ná cuir ceol, grafaicí, teidil, cúlraí fíorúla, nó beochan ríomhaire leis/ Do not add music, graphics, titles, virtual backgrounds, or computer animation.
9. Tá cosc ar úsáid stiúideonna taifeadta gairmiúla/ Use of professional recording studios is prohibited

\*\*\*Seol isteach na hiontrálacha chuig [eigse@poetryireland.ie](mailto:eigse@poetryireland.ie) roimh an 22 Deireadh Fómhair/ Entries must be submitted to [eigse@poetryireland.ie](mailto:eigse@poetryireland.ie) before 22nd October

\*\*Caithfear foirm toilithe sínithe a chur isteach le gach iontráil./ Signed parental consent forms must be sent with the entries in English or in Irish

# FOIRM IONTRÁLA

Cuirfead isteach ar an gcomórtas tríd an FHOIRM IONTRÁLA AR LÍNE ar féidir leat é a rochtain ANSEO. Tá glacadh chomh maith le foirmeacha iontrála tríd an bpost. Liontar isteach an FHOIRM IONTRÁLA PDF agus cuirtear sa phost é go Guth na hÉigse: **Éigse Éireann/ Poetry Ireland, Bloc G, An Leabharlann, Campas Naomh Pádraig, DCU, Bóthar Dhroim Conrach Uacht., Baile Átha Cliath 9, DO9 AW21**

Is ionann foirm iontrála a chur isteach agus glacadh leis na coinníollacha atá leagtha amach in **RIALACHA AN CHOMÓRTAIS**. **Is é an dáta deiridh iontrála Dé Luain 15 Deireadh Fómhair 2022**. Luaigh, le do thoil, ainmneacha na ndaltaí atá á gcur isteach agat, agus líon seo dá réir.

Ainm agus Seoladh na Scoile:

Ainm an Mhúinteora:

Seoladh ríomhphoist an Mhúinteora:

Uimhir fóin phóca an Mhúinteora:

Siniú an Mhúinteora:

Duine fásta tionlacain más difriúil ón méid thuas:

Ainm:

Déan liosta de na mic léinn atá á gcur isteach agat:

Ainm an dalta:

Rannóg:

Bliain (Rang):

Ainm an dalta:	Rannóg:	Bliain (Rang):

**IONTRÁLACHA BREISE:** Cuirtear isteach de chló, led thoil, AINM, RANNÓG agus BLIAIN (RANG) na ndaltaí eile atá á gcur isteach agat ar an dul seo ar bhileoig scaoilte faoi leith. Nó, thig leat fótachóip a dhéanamh den leathanach seo. **Níl uasmhéid ar an líon daltaí gur féidir a chur isteach in aghaidh na scoile.**

Ár mbuíochas leat ar son cur isteach ar chomórtas Ghuth na hÉigse.

## An bhfuil ceist ar bith agat?

Chomhordnaitheoir Thionscnamh Ghuth na hÉigse:

Fiona Ní Ghloinn | RÍOMHPHOST: [eigse@poetryireland.ie](mailto:eigse@poetryireland.ie) | FÓN PÓCA: 086 3913343

[www.poetryireland.ie](http://www.poetryireland.ie) & [www.imram.ie](http://www.imram.ie)



## DÁNTA CEADAITHE Babhta I: Sóisearach

**SÓISEARACH:** 1ú agus 2ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / Blianta 8, 9 agus 10 ó Thuaisceart Éireann

### **An tOchtapas le Gabriel Rosenstock, Something Beginning with P O'Brien Press**

Tá mé ocht inniu, arsa an tOchtapas  
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh tae,  
Is breá liom bheith ocht, arsa an tOchtapas,  
Beidh an chóisir againn ar a sé.  
Tá mé ocht inniu arsa an tOchtapas  
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh tae,  
Is breá liom bheith ocht arsa an tOchtapas,  
Ba sheachtapas mé inné!

### **Rithim le Áine Ní Ghlinn, Bronntanais agus Féiríní Eile Cló Mhaigh Eo**

Rithim i do lámha  
is tú ag bualadh bos  
Rithim i do bhróga  
is tú ag greadadh cos

Rithim i d'análú  
is i mbuillí do chroí  
Rithim i do ghéaga  
is tú amuigh ag spraoi

Rithim i do theanga,  
gach focal ó do bhéal  
Rithim i ngach uile  
soicind de do shaol

Ach an airíonn tú an rithim  
Sa bháisteach is sa ghaoth?  
Cuisle na spéire  
is an ghrian ag dul a luí?  
Is an airíonn tú an rithim  
sna réaltaí is sa ré?  
i rothlú an domhain  
Ó thús go deireadh lae?

## DÁNTA CEADAITHE- Babhta I: Idirmheánach

**IDIRMHEÁNACH:** 3ú agus 4ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / Blianta 11 agus 12 ó Thuaisceart Éireann

**An An tAmhránaí le Gabriel Fitzmaurice, Something Beginning with P O'Brien Press**

Osclaíonn an t-amhrán  
amach ó lár mo chroí.  
Is mise an t-amhrán anseo,  
is mise an t-amhránaí.

Canaim uaim mo dhóchas,  
canaim uaim mo ghrá,  
canaim uaim mo sholas,  
canaim uaim mo chrá.

Istigh i gcúinne tánbhairne  
im 'aonar, cúl le balla,  
in áit a bheith im 'phopstar  
in Amharclann, Páirc nó Halla,

Istigh i gcúinne tábhairne  
ag canadh dom féim amháin,  
is mise an t-amhránaí anseo,  
is mise an t-amhrán.

## DÁNTA CEADAITHE- Babhta I: Idirmheánach

**IDIRMHEÁNACH:** 3ú agus 4ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / Blianta 11 agus 12 ó Thuaisceart Éireann

**Isteach Le Liam Ó Muirithle, *An Fuíoll Feá - Rogha Dánta/Woodcuttings - New and selected poems*, *Cois Life Liam Ó Muirthile*  
(Translated into English by Gabriel Rosenstock)**

Lig isteach an lá  
ardaigh an dallóg  
táim ar snámh  
le solas loch gréine  
trí fhuinneog

Féach an cóch ag líonadh  
éadaí tí ar líne  
táim ag seoladh  
le gaoth na bhfocal  
trí ghairdíní

Tá gach aon ní mar atá  
ní gá imní níos mó inniu  
táim beo lá amháin  
le grá don uile  
ar fonamh

*LET IN THE DAY*

*Let in the day  
raise the blinds  
I float  
in a lake of sunlight  
through the window*

*See the squall  
filling household clothes on the line  
winds of words  
transport me through gardens*

*Everything is as it is  
today there is no cause for worry  
I am alive this hour  
with love for all*

## DÁNTA CEADAITHE- Babhta I: Sinsearach

**SINSEARACH:** 5ú agus 6ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / 6ú foirm Uachtarach agus Íochtarach ó Thuaisceart Éireann

**Stadeolaíocht le Marcus Mac Conghail (publisher?)**

Brúim cnaipe na haípe ag ceapadh  
go gcuirfí ar an eolas mé  
ach in áit am theacht an bhus a thabhairt dom  
ar mo ghuthán  
faighim radharc fíor-ama  
den tiománaí ag féachaint orm  
(is é ag tiomáint an bhus thar bráid)  
ar ardú mo chinn dom

*STOPINFORMATION*

*I click on the app button thinking  
it will give me the information  
but instead of telling me the bus arrival time  
on my phone  
I get a a real-time view  
of the driver looking at me  
(as he drives the bus past)  
as I lift my head up*

## DÁNTA CEADAITHE- Babhta I: Sinsearach

**SINSEARACH:** 5ú agus 6ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / 6ú foirm Uachtarach agus Íochtarach ó Thuaisceart Éireann

### **An Chéad Bhróg le Máire Mhac an tSaoí An paróiste míorúilteach/The mysterious parish O'Brien Press & Cló Iar-Chonnacht**

Do chuireamar an bhróg air den gcéad uair ar maidin,  
Fáiscithe, fuaite, seoidín den leathar,  
Míorúilt ghréasaíochta sa chéadscoth den bhfaisean  
Ar an dtroigh bheag bhláfar nár chaith cuing cheana,  
An chéad bhróg riamh ar an gcoisín meala.

A mhaoínín, a chroí istigh, seo leat ag satailt,  
Buail an bonn nó so go teann ar an dtalamh,  
Tóg an ceann gleoite go clóchasach, daingean,  
Linbhin fir tú id shiúl is id sheasamh,  
Airde mo ghlún, is chomh luath so ag 'meacht uaim!

Is fada an ród é le triall agat feasta,  
Is ceangal na mbróg ort níl ann ach tús ceangail.

#### *The First Shoes*

*We put his shoes on for the first time this morning,  
Neat and snug, the best of leather,  
A miracle of shoemaking to adorn  
The little feet that ran free till now,  
The first shoes ever on the little honey steps.*

*Bend these fine shoes to your will,  
My little treasure, strike the ground firmly,  
Lift your darling head bravely, boldly,  
Little man who can stand and walk tall,  
The height of my knee and already leaving me!*

*You have a long road to travel yet,  
And the spancel of shoes is only the first*

## DÁNTA CEADAITHE Babhta 2: Sóisearach

**SÓISEARACH:** 1ú agus 2ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / Blianta 8, 9 agus 10 ó Thuaisceart Éireann

### Dathanna le Patricia Forde

Is glas iad na cnoic atá i bhfad uainn,  
Is gorm iad na tonnta i gcéin,  
Nach buí iad na bláthanna sléibhe,  
Nach bán iad an eala is an néal.  
Is dearg í an tine agus fearg uirthi,  
Is liath é an cat ina shuí,  
Nach corcra é an bláth ar an bportach,  
Nár bh iontach é an saol mar a bhí.  
Is dubh í an oíche sa gheimhreadh,  
Is geall iad na réaltaí sa spéir,  
Nach órga é an solas sa samhradh,  
Nach uaine mo chos insan fhéar.

### An Ghealach le Caitríona Ní Chléirchín

Sí banríon na spéartha í  
áilleacht na hoíche  
réalt rúnda  
a ritheann romham  
mo chara ar an bhóthar  
ar turas  
sa dorchadas  
a haghaidh anois  
faoi cheilt  
i gceo  
thar pháirc is crainn  
a eitlíonn sí,  
ag scaipeadh scáileanna.  
Tá an tír ina baclainn.  
Mo spéirbhean.  
Mo chroí rúnda.

## DÁNTA CEADAITHE- Babhta 2: Idirmheánach

**IDIRMHEÁNACH:** 3ú agus 4ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / Blianta 11 agus 12 ó Thuaisceart Éireann

### Na Scamaill le Siobhán Ní Mhuimhneacháin

Tráthnóna breá samhraidh is mé amuigh faoin aer,  
Chonac scamaill bhána ar foluain sa spéir.  
Do stán siad anuas orm gan deifir orthu ná moill -  
Iad scaipthe thart mar a bheadh míreanna mearaí.  
Bhí crogall is cearc ann is éinín beag bán,  
Ag casadh, ag rince is ag canadh amhrán.  
Do chroith siad a lámh chugam, is scread mé thar n-ais,  
Ná himigí, a scamalla, ach fanaigí le m'ais.  
Lasadh áthas is gliondar is grá i mo chroí,  
Thug mé moladh agus buíochas is glóir do Dhia.  
Nuair a d'fhéach mé arís bhí dath órga is buí,  
Ar na scamaill san iarthar is an ghrian ag dul faoi.

### Rue Barb le Dairena Ní Chinnéide

Snagcheol ar chúinne sráide  
Ag cur doird san aer  
Imíonn siad ó shráid go sráid  
Ag seinm giotár is sacs  
Chun pingíní a bhailiú  
Ó mhuintir na gcaifí  
Ag ól is ag caitheamh  
Amuigh san oíche  
Tá an chathair ag meánfach  
Le deireadh samhraidh  
Is brothall an fhómhair  
T-léinte is gúnaí gearra  
Ar mhuintir na háite  
Coinnle ar na boird lasmuigh  
Sna sráideanna beaga cúnga  
A insíonn scéalta dom  
I mo bhaile altramais

### *Rue Barb*

*Jazz on a street corner  
Reverberates in the air  
They go from street to street  
Playing guitar and sax  
Collecting pennies  
From the café crowd  
Drinking and smoking  
Out in the night  
The city is yawning  
With summer's end  
And the good weather of autumn  
T-shirts and short dresses  
On the locals  
Candles on the outside tables  
On the little narrow streets  
That tell me stories  
In my adopted town*

## DÁNTA CEADAITHE- Babhta I: Sinsearach

**SINSEARACH:** 5ú agus 6ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / 6ú foirm Uachtarach agus Íochtarach ó Thuaisceart Éireann

**Oíche Nollaig na mBan le Seán Ó Ríordán from Selected Poems: Seán Ó Ríordáin, edited by Frank Sewell, published 2013 Yale University Press and Cló Iar-Chonnacht**

Bhí fuinneamh sa storim a éalaigh aréir,  
Aréir oíche Nollaig na mBan,  
as gealt-teach iargúlta tá laistiar den ré  
Is do scréach tríd an spéir chugainn 'na gealt,  
Gur ghíosc geataí comharsan mar ghogallach gé,  
Gur bhúir abhainn shlaghdánach mar tharbh,  
Gur múchadh mo choinneal mar bhuille ar mo bhéal  
A las 'na splanc obann an fhearg.

Ba mhaith liom go dtiocfadh an stoirm sin féin  
An oíche go mbeadsa go lag  
Ag filleadh abhaile ó rince an tsaoil  
Is solas an pheaca ag dul as,  
Go líonfaí gach neomat le liúrigh ón spéir,  
Go ndéanfaí den domhan scuaine scread,  
Is ná cloisfinn an ciúnas ag gluaiseacht fám dhéin,  
Ná inneall an ghluaisteáin ag stad.

### ***Women's Christmas translated by Theo Dorgan***

*There was power in the storm that escaped last night,  
Last night on Women's Christmas  
from the desolate madhouse behind the moon  
and screamed through the sky at us, lunatic,  
making neighbours gates screech like geese  
and the hoarse river roar like a bull,  
quenching my candle like a blow to the mouth  
that sparks a quick flash of rage.*

*I'd like if that storm would come again,  
a night I'd be feeling weak  
coming home from the dance of life  
and the light of sin dwindling,  
that every moment be full of the screaming sky,  
that the world be a storm of screams,  
and I wouldn't hear the silence coming over me,  
the car's engine come to a stop.*



## DÁNTA CEADAITHE- Babhta I: Sinsearach

**SINSEARACH:** 5ú agus 6ú bliain ó Phoblacht na hÉireann / 6ú foirm Uachtarach agus Íochtarach ó Thuaisceart Éireann

### **In Memory of Seamus Heaney le Nuala Ní Dhomhnaill**

Faoi mar a thitfeadh crann mór  
i lár na foraoise ag turlabhait  
a dhein sé nuair a thit sé  
do chualathas insa Domhain Thoir é.  
Chualamairne féin an tuairt  
cé go rabhamar i bhfad ó bhaile  
is thuigeamar láithreach, is ar an dtoirt,  
go raibh Rí na Coille ar lár.

Is faoi mar a dúirt Eibhlín Dubh fadó  
is ar ár gcroí bhí cumha  
ná leigheasfadh Cúige Mumhan  
ná gaibhne Oileán na bhFionn.

*In Memory of Seamus Heaney*

*As if a mighty tree  
collapsed deep in the forest  
the sound it made was heard  
and felt as far as the Far East.*

*That resounding din reached us  
adrift of hearth and home-  
we knew at once and on the spot  
The King of the Woods himself succumbed.*

*As time ago Dark Eileen keened  
there was in our hearts a rent  
nothing could treat or soothe or mend,  
Not all of Munster or the smiths of Ireland.*